
# Treoir Soléite chun

# Foirm Iarratais ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta a Líonadh


**Mí Aibreáin 2022**






## Cad chuige an treoir seo?


Cabhróidh an treoir seo leat foirm iarratais a líonadh le haghaidh d'údaráis áitiúil.




B'fhéidir go mbeadh gá agat le duine a bhfuil muinín agat as chun tacú leat agus tú ag líonadh na foirme seo.

Bíonn mórán eolais agus cáipéisí i gceist le hiarratas ar thacaíocht tithíochta sóisialta.

Tá foirm iarratais ar thacaíocht tithíochta sóisialta le fáil ón údarás áitiúil sa cheantar ina bhfuil cónaí ort.



## Cé leis is féidir Tacaíocht Tithíochta Sóisialta a fháil?

Is féidir leat tacaíocht tithíochta sóisialta a fháil más ea nach bhfuil d'acmhainn agat íoc as áit chónaithe de do chuid féin.



## Cén áit is féidir tacaíocht tithíochta sóisialta a fháil?

Is féidir tacaíocht tithíochta sóisialta a fháil ón údarás áitiúil (sin comhairle cathrach nó comhairle contae) nó ó ghníomhaireacht eile ar a dtugtar Comhlacht Faofa Tithíochta.

Is é Comhlacht Faofa Tithíochta foras (amhail Clúid, Clann Shíomóin) a fhéadann tithíocht a thairiscint do dhuine.

Má tá baint agat le seirbhís míchumais, b'fhéidir gur Comhlacht Faofa Tithíochta é.



## Cineálacha Tacaíochta Tithíochta Sóisialta

Anseo thíos, tá roinnt den sórt tacaíochta atá ar fáil ón Údarás Áitiúil:



Is féidir teach nó árasán a thógáil ar cíos ón údarás áitiúil nó ó Chomhlacht Faofa Tithíochta.

Is féidir teach nó árasán a thógáil ar cíos trí scéimeanna éagsúla, amhail Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC), agus Scéim Íocaíochta um Chúnamh Tithíochta.

Tá cúnamh tithíochta ar fáil do dhaoine aosta, do dhaoine gan dídean, agus do dhaoine faoi mhíchumas.

Citizens Information

Má tá cabhair uait agus tú ag líonadh na foirme iarratais, is féidir leat dul i dteagmháil le Roinn Tithíochta d'údaráis áitiúil nó le hIonad Faisnéise do Shaoránaigh.



D'fhéadfadh duine a bhfuil muinín agat as, an fhoirm a líonadh chomh maith.

# Eolas tábhachtach duit agus tú ag líonadh na foirme.



Scríobh do chuid freagraí go soiléir.

Freagair gach ceist atá ar an bhfoirm iarratais.

Ní dhéanfar dul chun cinn ar d'iarratas más ea nach dtugtar an fhaisnéis a iarrtar ort.




Más ea nach mbaineann ceist leat, scríobh N/A (neamh-ábhartha)

Déan deimhin go bhfuil d'ainm scríofa i ngach áit a n-iarrtar ort é a scríobh.




Déanfaidh d'údarás áitiúil deimhin cloí leis na rialacha maidir le Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS).

Má bhíonn aon cheist ort ina thaobh seo, fiafraigh de d'Údarás Áitiúil.




Ní mór duit cáipéisí eile a sheoladh leis an bhfoirm. Tá liosta seiceála ann chun gach sonra cuí a chur i gcuimhne duit.

Ní dhéanfar dul chun cinn ar d'iarratas mana seolfar chugainn a n-iarraimid ort.



B’fhéidir go n-iarrfadh an tÚdarás Áitiúil tuilleadh eolais ort amach anseo.

Ní mór duit an tÚdarás Áitiúil a chur ar an eolas maidir le haon athrú  i do chuid sonraí (mar shampla, má phósann tú nó má bhogann tú go tigh nua).



B’fhearr go mór duit freagra a thabhairt ar litreacha agus ar ríomhphoist ón Údarás Áitiúil.




Mana bhfreagraíonn tú gach litir agus gach ríomhphost a sheolann an t-Údarás Áitiúil chugat, b’fhéidir go mbainfí d’ainm den liosta feithimh. Ciallaíonn sé seo nach bhfaighidh tú tacaíocht tithíochta sóisialta.

Féadann tú iarraidh ar dhuine a bhfuil tú mór leis cabhrú leat freagra a thabhairt ar litreacha/ríomhphoist ón údarás áitiúil.



Tugtar comhfhreagraí páirteach ar an té seo.

Cuirfear do chomhfhreagraí páirteach ar an eolas maidir le haon litir/ríomhphost a sheolann d’Údarás Áitiúil chugat.

Déan macasamhail d’aon cháipéis a sheolfaidh tú chun d’údaráis áitiúil.

# Liosta seiceála




Sa bhfoirm, tá liosta seiceála ina bhfuil gach eolas agus cáipéis nach mór duit seoladh chugainn mar aon le d'iarratas.

Ní mór duit cuimhneamh ar fhreagairt a thabhairt ar gach ceist atá ar an bhfoirm, nó ní dhéanfar dul chun cinn ar d'iarratas.




Má thugann tú féin an t-iarratas seo isteach, féadfaidh ball foirne d'údaráis áitiúil deimhniú leat go bhfuil freagra tugtha agat ar gach ceist.




Chomh maith leis, féadfaidh sé/sí deimhniú go bhfuil gach cáipéis bhreise atá riachtanach do d'iarratas agat.

Anseo thíos, liostálfaimid agus míneoimid cad is gá duit maidir le heolas breise agus le cáipéisí:

## Sonraí Pearsanta




- Cruthúnas Grianghrafach Ionannais (pas nó ceadúnas tiomána)
- Teastas breithe (duit féin agus d'aon duine atá ag cur iarratais isteach in éineacht leat, m.sh. páirtí)
- Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP) (duit féin agus d'aon duine atá ag cur iarratais isteach in éineacht leat)
- Cruthúnas ar Sheoladh Baile (amhail bille aibhléise)

# Faisnéis Ioncaim



Iarraimid ort eolas agus cruthúnas ar an airgead a fhaigheann gach iarratasóir atá luaite ar d'iarratas; airgead mar thuarastal agus mar ioncam.

**Fostaithe**

- Má bhí post agatsa (nó ag aon duine atá ag cur isteach iarratais in éineacht leat) laistigh den dá mhí dhéag anuas, beidh ort na rudaí seo a leanas a sholáthar dúinn:




**<u>Ón mBliain seo</u>**

- Duillín pá ó gach post a bhí agat ó mhí Eanair na bliana seo

**<u>Nó</u>**

- Achoimre ar Phá agus ar Cháin (na bliana seo) Tá sé seo ar fáil ó Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (myAccount). Cuimseoidh sé seo gach post le linn na bliana seo go nuige seo.

**<u>Ón mBliain Anuraidh</u>**

- Ráiteas Dliteanais
  Is féidir leat é seo a iarraidh ar na Coimisinéirí Ioncaim trína seirbhís ar líne (myAccount) nó trí d'oifig áitiúil cánach.
  Is é Ráiteas Dliteanais; athbhreithniú deiridh ar do dhliteanas cánach i mbliain chánach. Roimhe seo, b'é ab ainm do; P21 - Ráiteas Deireadh Bliana.

**<u>Agus</u>**

- Achoimre Sonraí Fostaíochta
  Tá sé seo ar fáil ó Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (myAccount).

# Faisnéis Ioncaim (ar lean)



**Ioncam ó Leas Sóisialta**

- Má fhaigheann tusa (nó aon duine atá ag cur isteach iarratais in éineacht leat) íocaíocht leasa shóisialta, beidh ort faisnéis agus cruthúnas air seo a sheoladh chugainn: Is féidir ráiteas ó Roinn Coimirce Sóisialta a fháil.

- Léireoidh an ráiteas seo an t-airgead a fuair tú uatha.

**Féin-fhostaithe**

- Má tá tú ag obair duit féin, iarrfar ort cuntas (le tuairisc iniúchóra) ar dhá bhliain ar a laghad mar aon le fógra measúnachta agus/nó litir admhála gur mheasúnaigh tú tú féin (laistigh den dá mhí dhéag anuas).



Employee No. | Employee Name | Process Date | National Insurance Number
0834 | FULL NAME HERE | 20/01/2006 | NP000000B

| Payments | Units | Rate | Amount |
|---|---|---|---|
| Gross Salary | 1.00 | 3750.00 | 3750.00 |
| Monthly | | | |
| Payment Method: | | | |
| Cheque | | | |

| Deductions | Amount |
|---|---|
| PAYE Tax | 845.19 |
| National Insurance | 265.62 |

FULL NAME
35 ANYWHERE COURT
KENSINGTON
SW3 000

This Period
Tax Period: 10 Tax Code: 489L

| | |
|---|---|
| Total Gross Pay | 3750.00 |
| Gross for Tax | 3750.00 |
| Earnings for NI | 2730.00 |

Year To Date


| | |
|---|---|
| Total Gross Pay TD | 37500.00 |
| Gross for Tax TD | 37500.00 |
| Tax Paid TD | 8451.90 |
| Earnings for NI TD | 27300.00 |
| National Insurance TD | 2656.20 |

COMPANY NAME

Net Pay 2639.19

**Pinsin**

- Más ball de scéim um pinsean seirbhíse poiblí tú, nó má tá rud agat ar a dtugtar Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB), beidh ort na rudaí seo a leanas a sholáthar:
    - do dhuillín deiridh pá ón mbliain anuraidh, agus
    - an duillín pá is déanaí ón mbliain seo



## Faisnéis bhreise arbh féidir go mbainfeadh sí leat:
## (mana mbaineann sé leat, scríobh N/A (nach mbaineann)

- Faisnéis agus cruthúnas ar shaoránacht nó ar chead fanacht in Éirinn bheith agatsa agus ag aon duine atá cur iarratais isteach in éineacht leat (amhail litir ó Roinn Dlí agus Cirt)




- Teastas Pósta




- Macasamhail chomhaontú scartha/idirscartha




- Faisnéis agus cruthúnas ar chomhaontú tionóntachta agus ar chlárú le Bord um Thionóntachtaí Cónaithe má tá áit chónaithe ar cíos agat anois.



- Faisnéis faoi aon réadmhaoin nó talamh ar leatsa í (nó le haon duine ag cur iarratais isteach in éineacht leat).
  Ba chóir go gcuimseoidh an fhaisnéis seo an áit, an luach, stádas na maoine, agus aon airgead a fhaigheann tú dá barr.



- Má tá teach de do chuid féin agat a bhfuil a mhorgáiste i dtrioblóid, beidh ort litir ó ionad tacaíochta riaráiste d'iasachtóra a sholáthar.

- Má bhí tacaíocht tithíochta sóisialta agat roimhe seo, seol chugainn litir ó údarás áitiúil nó ó Chomhlacht Faofa Tithíochta ón gceantar ina raibh cónaí ort roimhe seo.




- Faisnéis agus cruthúnas ar bhaint bheith agat leis an gceantar áitiúil, más ea nach bhfuil cónaí ort anois ann; b'fhéidir gur chruthúnas é seo ar tú bheith i do chónaí ann roimhe seo, mar shampla.







- Foirm Fhaisnéise Míchumais agus/nó Leighis
  Is féidir an fhoirm seo a fháil ó d'údarás áitiúil. Tá tuilleadh eolais i dtaobh na foirme seo ar leathanach 17.

- Tuairisc ó Theiripeoir Saothair (TS) maidir leis na rudaí ba ghá duit sa tigh, amhail trealamh nó athruithe ar thigh ionas go mbeadh sé níos oiriúnaí duit.

## Tá dhá chuid déag sa bhfoirm seo agus seo treoir chun gach cuid acu sin a thuiscint.



### Cuid a hAon Fút Féin (Sonraí Pearsanta)

- Sa chuid seo, iarrtar ort rudaí mar d'ainm, do dháta breithe, do sheoladh faoi láthair, srl..
- Má tá duine eile ag cur iarratais isteach in éineacht leat (amhail páirtí), beidh ar an duine sin a c(h)uid sonraí pearsanta a líonadh chomh maith.



### Cuid a Dó: Cárb as duit? (Sonraí Náisiúntachta)

- Sa chuid seo, fiafraítear díot faoin áit arb as duit, faoi gach teanga atá agat, faoi do stádas saoránachta mar shampla, más Éireannach tú.




### Cuid a Trí: D'Áit Oibre (Sonraí Fostaíochta)

- Sa chuid seo, fiafraítear díot an mbíonn tú ag obair.
- Fiafraítear díot faoi shonraí d'fhostóra, amhail ainm agus seoladh an chomhlachta.




### Cuid a Ceathair: An tAirgead a Fhaigheann tú (Sonraí Ioncaim)

- Tá ort do thuarastal nó d'ioncam seachtainiúil sula n-íocann tú aon cháin air a léiriú (do thuarastal comhlán) Seo mar shampla an t-airgead a fhaigheann tú óna bheith ag obair, ó leas sóisialta, nó ó aon fhoinse eile.
- Ansin, ní mór duit liosta a dhéanamh dá mbaintear de do chuid airgead (asbhaint); mar shampla, ÍMAT ("íoc mar a thuillir"), ÁSPC (Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa).

## Cuid a Cúig: Daoine eile atá ag cur isteach iarratais in éineacht leat (Daoine eile sa Tigh)



- Sa chuid seo, iarrtar ort faisnéis faoi na daoine eile a bheidh in aontíos leat. Mar shampla, do pháirtí nó aon leanbh atá agat.

- Is é is gá duit a sholáthar; sonraí amhail gach duine (a bheidh in aontíos leat), a d(h)áta breithe, an tír ina rugadh é/í, a stádas saoránachta, inscne an duine, agus a stádas pósta.

## Cuid a Sé: D'Áit Chónaithe Anois (Cóiríocht Faoi Láthair)



- Sa chuid seo, fiafraítear díot faoi d'áit chónaithe faoi láthair agus sonraí ina taobh.

- Fiafraítear díot cé acu an leatsa an teach nó an tógtha ar cíos atá sé agat, agus cén saghas tithíochta é.



- Má tá áit tógtha ar cíos agat, is gá duit faisnéis agus cruthúnas air seo a sholáthar.

- Fiafraítear díot fáth tú bheith ag iarraidh tacaíochta (mar shampla, fáthanna a bhaineann le míchumas)

- Ansin, ní mór duit cur síos a dhéanamh ar a bhfuil sa tigh ina bhfuil cónaí ort faoi láthair.



## Cuid a Seacht: Cá Raibh Cónaí Ort Roimhe Seo (Stair na nÁiteanna ina Raibh Cónaí Ort)

- Sa chuid seo, iarrtar ort faisnéis faoi gach áit ina raibh cónaí ort le linn cúig bliana anuas.



## Cuid a hOcht: Cén Teach is Gá duit (Riachtanais Tithíochta)

- Sa chuid seo, fiafraítear díot an duine den Lucht Siúil tú.

  Fiafraítear díot é seo d'fhonn a fhios bheith againn an ea, agus más ea, ar mhaith go n-áirítear tú mar chuid den Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil.

  Tugann sé seo le fios d'údaráis áitiúla gur gá dóibh feabhas a chur ar a gClár Cóiríochta don Lucht Siúil.

  Ní bheidh aon bhaint ag an eolas seo le cáilitheacht an duine maidir le tacaíocht tithíochta sóisialta.





- Sa chuid seo, fiafraítear díot chomh maith cén tacaíocht tithíochta is gá duit chun gur fearr a oiriúnaíonn do theach duit. Mar shampla, athrú a dhéanamh ar an seomra folctha/codlata, fáná(i)n a chur isteach.




- Más ar bhonn leighis nó míchumais atá tú ag cur iarratais isteach, iarrfar ort sonraí do riachtanas a sholáthar.



- Más ar bhonn leighis nó míchumais atá tú ag cur iarratais isteach, beidh ort foirm eile a líonadh chomh maith; Foirm Fhaisnéise Míchumais agus/nó Leighis.

  Is féidir an fhoirm seo a fháil ó d'údarás áitiúil. Tá tuilleadh eolais i dtaobh na foirme seo ar leathanach 17.



## Cuid a Naoi: Bunús an Iarratais

- Ní féidir iarratas a sheoladh ach chun aon údaráis áitiúil amháin.



- Is ar thosach na foirme iarratais a bheidh ainm údarás áitiúil an cheantair inar mhaith leat cónaí bheith ort.

- Ní mór gur sa cheantar ina mbíonn cónaí ort atá an t-údarás áitiúil seo.




- Iarrfar ort socrú a dhéanamh maidir leis na háiteanna inar mhaith leat bheith i do chónaí laistigh de cheantar an údaráis áitiúil seo.




- Ba chóir duit do dhianmhachnamh a dhéanamh ar na ceantair seo maidir le seirbhísí, le taisteal, le ceangail le do mhuintir agus le do chairde, agus leis an gcineál tithíochta atá sna ceantair a roghnaíonn tú.




- Is féidir cur isteach ar cheantar eile má tá baint áitiúil ag duine sa tigh leis an gceantar sin.
- Is é atá i gceist le baint áitiúil; duine
  - bheith ina chónaí sa cheantar ar feadh cúig bliana



  - bheith ag obair laistigh d'achar cúig chiliméadar déag den cheantar,
  - bheith ag dul ar scoil nó chun coláiste ann,
  - bheith ag brath ar sheirbhísí oideachais/sláinte sa cheantar sin,



  - bheith gaolmhar le duine ar a bhfuil cónaí sa cheantar sin le breis is dhá bhliain. Cuimsíonn "duine gaolmhar" tuismitheoir, leanbh fásta, nó deartháir/deirfiúr Chomh maith leis sin, b'fhéidir go gcuimseodh sé gaol eile ag a bhfuil dlúthbhaint le duine den teaghlach.

## Cuid a Deich: Tithe Eile Leat (Faisnéis faoi Réadmhaoin Eile)



- Sa chuid seo, fiafraítear díot i dtaobh aon fhoirgnimh nó talún de do chuid féin.

- Fiafraítear díot i dtaobh aon fhoirgnimh nó talún bheith agatsa nó ag duine atá ag cur isteach iarratais in éineacht leat.




- Cuir n/a sna boscaí seo mana mbaineann na ceisteanna seo leat.

## Cuid a hAon Déag: Cionta Oird Phoiblí agus Faisnéis Eile

- Sa chuid seo, fiafraítear díot an raibh tú riamh i dtrioblóid leis na Gardaí.




## Cuid a Dó Dhéag: Faisnéis Eile

- Scríobh isteach aon rud eile is dóigh leat bheith tábhachtach nó cabhrach mar thaca le d’iarratas.

# Dearbhú



Ag deireadh na foirme iarratais, tá d'ainm le cur le roinn ar a dtugtar "Dearbhú".




Léigh an dearbhú go haireach agus cuir d'ainm leis. Má tá duine eile ag cur isteach iarratais in éineacht leat, cuireadh an duine sin a ainm leis chomh maith.



Má tá cabhair uait agus tú ag líonadh na foirme, is féidir leat dul i dteagmháil le Roinn Tithíochta d'údaráis áitiúil nó le hIonad Faisnéise do Shaoránaigh, agus cabhrófar leat. Chomh maith leis sin, is féidir cabhair a fháil ó dhuine a bhfuil muinín agat as/aisti.


# Foirm Fhaisnéise Míchumais/Leighis

## Cad chuige an Fhoirm seo?




Más míchumas bheith ort faoi ndeara tú bheith ag cur isteach ar thacaíocht tithíochta sóisialta, tá foirm eile le líonadh agat.

Is é a tugtar ar an bhfoirm seo HMD - Foirm a hAon. Is féidir leat iarraidh ar d'údarás áitiúil an fhoirm seo a thabhairt duit.




## Eolas ar stádas tosaíochta

D'fhéadfá stádas tosaíochta a fháil le haghaidh tacaíocht tithíochta má tá tú faoi mhíchumas nó má tá riocht sláinte ort.



Braithfidh sé seo ar do chás tithíochta.

Tá ceithre roinn san fhoirm. Tá roinn a haon agus roinn a dó le líonadh agat féin.

Tá roinn a trí agus roinn a ceathair le líonadh ag beirt ghairmithe cúraim sláinte ar do shon.



Cuimsíonn "Gairmí Cúraim Sláinte" na gairmeacha seo a leanas: Lia Comhairleach, Dochtúir Ginearálta (DG), Banaltra Meabhair-Shláinte, Teiripeoir Saothair, nó Oibrí Sóisialta.

B'fhéidir gur gá tuairisc ó Theiripeoir Saothair bheith agat de réir do riachtanais tithíochta; mar shampla, teach a athrú chun é a chur in oiriúint duit féin.

## Tá ceithre roinn san fhoirm agus seo treoir chun gach roinn acu sin a thuiscint.



### Roinn 1: Faisnéis Mhíchumais/Leighis

- Sa roinn seo, iarrtar ort faisnéis faoi do mhíchumas nó faoi do riocht sláinte a sholáthar.

### Roinn 2: Fút Féin (Sonraí Pearsanta)



- Sa roinn seo, iarrtar ort faisnéis fút féin a sholáthar. Mar shampla: d’ainm agus dáta an lae a rugadh tú.

### Roinn 3A: Sonraí Gairmí Chúraim Sláinte



- Sa roinn seo, líonann an bheirt ghairmithe cúraim sláinte a gcuid sonraí isteach.

- Líonfaidh siad roinnt codanna den fhoirm mar thaca le d’iarratas.



## Roinn 3B: Sonraí d’Áit Chónaithe faoi Láthair

- Sa roinn seo, fiafraítear de na gairmithe cúraim sláinte faoin áit ina bhfuil cónaí ort faoi láthair agus an bhfuil drochthionchar ag an áit sin ort.



## Roinn 3C: Sonraí d’Áit Chónaithe

- Anseo, fiafraítear de na gairmithe cúraim sláinte cén mhaitheas a dhéanfadh áit chónaithe eile duit.





## Roinn 3D: Riachtanais Tacaíochta

- Anseo, fiafraítear de na gairmithe cúraim sláinte i dtaobh na tacaíochta atá riachtanach duit chun maireachtála go neamhspleách.



## Roinn 4: Dearbhú Ghairmí Cúraim Sláinte

- Cuireann an bheirt ghairmithe cúraim sláinte a n-ainm agus an dáta leis an bhfoirm.